

**NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNITHE  
DO CHIGIREACHTAÍ AR  
SCOILEANNA AGUS AR  
MHÚINTEOIRÍ FAOI ALT 13(9) DEN  
ACHT OIDEACHAIS 1998**

**Meán Fómhair 2015**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S  
A N C H I G I R E A C H T**

# Clár

## 1. Réamhrá

- 1.1 Tá an Chigireacht tiomanta d'ardchaighdeáin inár gcuid oibre
- 1.2 An chúis go bhfuil *Nós Imeachta Athbhreithnithe* againn
- 1.3 Cathain is féidir an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* a úsáid?
- 1.4 Cé atá in ann an próiseas athbhreithnithe a lorg?
- 1.5 Téarmaolaíocht in úsáid sa nós imeachta seo
- 1.6 Prionsabail a threoraíonn an próiseas athbhreithnithe
- 1.7 Cén foras ar ar féidir athbhreithniú a lorg?
- 1.8 An *Nós Imeachta Athbhreithnithe* a fhorbairt agus a athbhreithniú

## 2. Athbhreithniú neamhfhoirmiúil

- 2.1 Imní a réiteach go neamhfhoirmiúil
- 2.2 Imní a réiteach go neamhfhoirmiúil ag leibhéal na scoile le linn cigireachta
- 2.3 Imní a réiteach go neamhfhoirmiúil leis an bpríomhchigire cúnta réigiúnach

## 3. Athbhreithniú foirmiúil

- 3.1 Athbhreithniú foirmiúil a lorg
- 3.2 Meán an Príomhchigire an t-iarratas
- 3.3 Cuireann an Príomhchigire tús leis an athbhreithniú
- 3.4 Comhordaitheoir athbhreithnithe
- 3.5 Comhordaitheoir inmheánach agus comhordaitheoir seachtrach
- 3.6 Cinneadh tosaigh
- 3.7 Cinneadh deiridh an Phríomhchigire
- 3.8 Athchigireacht
- 3.9 Nósanna imeachta araíonachta inmheánacha
- 3.10 Achomharc seachtrach

## 4. Socruithe riaracháin agus socruithe eile maidir le hathbhreithnithe foirmiúla

- 4.1 Cumarsáid scríofa
- 4.2 Suaitheadh ar oideachas daltaí a íoslaghdú
- 4.3 Feidhmeanna a tharmligean
- 4.4 Scoileanna atá faoi choimirce bord oideachais agus oiliúna
- 4.5 Iarratais ar shíneadh ama

## Aguisín: Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht

# 1. Réamhrá

## 1.1 Tá an Chigireacht tiomanta d'ardchaighdeáin inár gcuid oibre

Tá an Chigireacht tiomanta do mheastóireacht a dhéanamh ar scoileanna agus ar an gcóras oideachais ina iomláine ar bhealach atá cothrom, seasmhach agus trédhearcach. Tá cuntas tugtha ar na caighdeáin faoina n-oibrímid sa *Chód Cleachtais don Chigireacht*. Mar atá soiléir sa *Chód*, baineann sé leis an réimse iomlán den obair mheastóireachta agus chomhairleach a dhéanann cigirí, lena n-áirítear a gcuid oibre agus iompair agus iad ag meastóireacht agus ag tuairisciú ar obair scoileanna agus larionaid oideachais, obair múinteoirí ar leith, agus cur i bhfeidhm cláir churaclaim agus rialachán. Tá na prionsabail ghinearálta a ndéanaimid ár gcuid oibre dá réir leagtha amach sa *Chód*. Baineann na prionsabail seo le gach suíomh ina dhéanann an Chigireacht a cuid oibre.

Foilsímid freisin treoirleabhair a thugann cur síos ar an mbealach ina ndéanaimid cineálacha éagsúla cigireachta ghinearálta, lena n-áirítear meastóireacht scoile uile (MSU), cigireacht ábhair agus cigireacht leantach. Tá treoirleabhair a mhíníonn cigireacht í suíomhanna eile ar fáil chomh maith. Tá na treoracha ceaptha chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre agus cabhraíonn siad linn freisin maidir le comhsheasmhacht a chinntiú inár gcleachtas. Tugann na treoirlínte eolas breise ar na caighdeáin shainiúla a bhaineann lenár gcuid oibre sna cineálacha cigireachta éagsúla. Tá cóipeanna den *Chód* agus de na treoracha éagsúla a fhoilsímid le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)).

## 1.2 An chúis a bhfuil *Nós Imeachta Athbhreithnithe* againn

Cuirtear formhór mór na na gcigireachtaí i bhfeidhm go rathúil. Mar sin féin, is féidir go mbeadh bord bainistíochta scoile nó múinteoir nó cleachtóir oideachais eile neamhshásta le hobair ghairmiúil cigirí nó le tuairisc de chuid na Cigireachta. Tugann an leabhrán seo cur síos ar nós imeachta d'athbhreithniú is féidir le múinteoir nó le cleachtóir nó le bord bainistíochta scoile nó suíomh eile a úsáid má tharlaíonn sé sin. Tugann an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* deis dúinn foghlaim ónár gcuid cigireachtaí, rudaí a chur ina gceart mura bhfuil ár gcuid oibre ag teacht leis na caighdeáin a bhfuilimid ag dréim leo, agus feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre. Tugann sé deis freisin do dhaoine a ndéanann cigireachtaí difear dóibh athbhreithniú a lorg ar obair nó iompar cigire.

## 1.3 Cathain is féidir an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* a úsáid?

Cuireann an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* bealach ar fáil inar féidir le múinteoirí, cleachtóirí agus le boird bhainistíochta a ndéanann cigireacht difear dóibh, athbhreithniú ar an gcigireacht a lorg. Is féidir athbhreithniú a lorg maidir le hobair ghairmiúil cigirí agus leis na tuairiscí a scríobhann siad.

## **1.4 Cé atá in ann an próiseas athbhreithnithe a úsáid?**

Is féidir leis na daoine seo a leanas an próiseas athbhreithnithe a úsáid:

- Múinteoir í scoil nó lárionad oideachais aitheanta a ndéantar difear dó / di ag cigireacht
- Bord bainistíochta scoile aitheanta nó lárionad oideachais a ndéantar difear dó ag cigireacht
- Múinteoir nó cleachtóir oideachais atá freagrach as foghlaim foghlaimeoirí í suíomh oideachais a ndéantar difear dó / di ag cigireacht
- Bord bainistíochta nó a choibhéis í suíomh oideachais a ndéantar difear dó ag cigireacht

Nuair a lorgaíonn bord bainistíochta athbhreithniú, is é cathaoirleach an bhoird a dhéanann an t-iarratas. De rogha air sin, is féidir leis an mbord bainistíochta comhalta eile den bhord a ainmniú chun gníomhú ar a shon do chúiseanna an athbhreithnithe.

## **1.5 Téarmaolaíocht in úsáid sa nós imeachta seo**

Ar mhaithe le simplíocht, sa chuid eile den doiciméad seo:

- Cuimsíonn an focal ‘múinteoir’ príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus múinteoirí, in ngach scoil agus lárionad oideachais, agus ceannairí agus cleachtóirí atá freagrach as éispéiris oideachais foghleoirí í suíomhanna eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach
- Cuimsíonn an focal ‘scoil’ gach scoil, lárionad oideachais agus gach suíomh eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach
- Cuimsíonn na focail ‘bord bainistíochta’ bordanna bainistíochta i scoileanna agus lárionad oideachais agus na struchtúir foirmeálta bainistíochta coibhéis í suíomhanna eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach

## **1.6 Prionsabail a threoraíonn an próiseas athbhreithnithe**

Tá an próiseas athbhreithnithe faoi threoir agus faoi thionchar ag roinnt prionsabal tábhachtach:

- (1) Aithnímid gurb é an chéad tosaíocht atá ag obair na cigireachta uile ná leas an fhoghlaimora, caighdeán na taithí foghlama a chuirtear ar fáil dó/di, agus caighdeán na dtorthaí foghlama a bhaineann sé/sí amach.
- (2) Tá breitheanna gairmiúla ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i gcroílár ár gcuid oibre. Féachaimid le hoibiachtúlacht agus comhsheasmhacht a bhaint amach i ndéanamh na mbreitheanna, le macántacht agus soiléire i gcinntí a léiriú, agus le hoscailteacht agus cúirtéis. Tá cur síos níos doimhne ar na prionsabail seo inár *gCód Cleachtais*.
- (3) Táimid tiomanta do ghaol gairmiúil dearfach a chothú idir an Chigireacht agus pobal na scoile, lena n-áirítear foghlaimoirí, múinteoirí, cleachtóirí oideachais, ceannairí scoile, boird bhainistíochta, tuismitheoirí, pátrúin agus iontaobhaithe. Pléimid go dáiríre le gach gearán faoinár gcuid oibre, agus déanaimid gach gearán a fhiosrú go críochnúil.

*Leagann an Cód Cleachtais dualgas ar chigirí meas ceachtartha agus muinín a chothú idir an Chigireacht agus pobal na scoile, faoi mar a leagann an tAcht Oideachais dualgas ar scoileanna agus ar mhúinteoirí comhoibriú go hiomlán leis an gCigireacht. Creidimid gur fearr inní a réiteach ar bhealach atá gairmiúil agus a léiríonn meas ar a chéile.*

- (4) Creidimid gur fearr inní múinteoirí, cleachtóirí nó bordanna a réiteach go neamhfhoirmiúil agus go luath. Aithnímid go bhfuil gá le próiseas foirmiúil athbhreithnithe le ceisteanna nach féidir a réiteach go neamhfhoirmiúil a mheá.
- (5) Táimid tiomanta dona chinntiú go ndéantar gach inní a phlé ar bhealach oibiachtúil cúirtéiseach ag úsáid nósanna imeachta atá oscailte, cothrom agus trédhearcach.

*Mar shampla, ciallaíonn sé seo go mbeidh fáil iomlán ag duine a léiríonn inní agus ag cigire a léirítear inní i leith a chuid gníomhartha ar na cáipéisí agus ar an eolas cuí, go mbeidh deis chothrom acu ar a gcás a chur i láthair go hiomlán, agus go léireofar toradh an phróisis go soiléir do na rannpháirtithe uile.*

- (6) Creidimid go bhfuil sé tábhachtach inní a réiteach go luath agus gur chóir go mbeadh aon duine a léiríonn inní, aon cigire a bhfuil baint aige leis an scéal agus an Chigireacht go ginearálta dírithe ar athbhreithniú a réiteach gan aon mhoill nach bhfuil gá leis.

*Ar an gcúis seo, leagann an Nós Imeachta Athbhreithnithe amach teorainneacha ama do chéimeanna éagsúla den phróiseas athbhreithnithe. Mar sin féin, creidimid nár chóir go mbeadh neamhbhailíocht ar an bpróiseas má tharlaíonn mionsárú ar theorainneacha ama nach féidir a sheachaint.*

- (7) Creidimid gur chóir go mbeadh meas ag gach duine atá páirteach in athbhreithniú ar phríobháideacht na ndaoine go léir eile atá páirteach.

*Mar shampla, ciallaíonn sé seo go gcaithfear cáipéisí a mhalartaítear le linn an phróisis athbhreithnithe a choinneáil faoi rún do na rannpháirtithe, agus níor chóir iad a chur ar fáil do dhaoine eile.*

- (8) Déanaimid iarracht a chinntiú nach mbeidh an próiseas athbhreithnithe rómhaorlathach ná ródhleathaíoch.

*Mar shampla, cé gur féidir le duine a léiríonn imní agus le cigire a léirítear imní i dtaobh a c(h)uid oibre a bheith á dtionlacan ag cara agus é nó í ag dul faoi agallamh, ní bheadh sé ag teacht le spiorad an phróisis athbhreithnithe dá mbeadh ionadaithe dlí i láthair.*

- (9) Déanaimid tréaniarracht a chinntiú go bhfuil ár n-obair chigireachta cruinn agus cothrom. Admhóimid earráidí nuair a tharlaíonn said agus déanfaimid iarracht iad a chur ina gceart.

*Mar sin féin, ní athróimid ár mbreithiúnais mar thoradh ar fhianaise nua a chuirtear ar fáil tar éis don chigireacht a bheith críochnaithe nó mar thoradh ar ghealltanais a thugtar dúinn go ndéanfar na feabhsuithe atá molta ag am éigin amach anseo.*

- (10) Creidimid, má tharlaíonn earráid nó locht in obair na Cigireachta, gur chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le tromchúis na hearráide nó an lochta.

*I gcásanna áirithe is féidir go ndéanfar cigireacht a chur ar ceal mar thoradh ar earráid nó locht tromchúiseach. I gcásanna eile, má tharlaíonn mionearráid nó mion-laige b'fhéidir nach mbainfidh siad sin ó bhailíocht na cigireachta nó na tuairisce dá bharr agus gur leor leithscéal dóibh siúd atá thíos leis mar réiteach cuí.*

- (11) Má tá múinteoir, cleachtóir nó bord bainistíochta scoile nó suíomh eileneamhshásta le cigireacht nó leis an mbealach a rinneadh cigireacht agus má lorgaíonn siad athbhreithniú foirmiúil, ní fhoilseofar aon tuairisc a bhaineann leis an gcigireacht go dtí go bhfuil críoch leis an athbhreithniú agus le haon ní a éiríonn as.

- (12) Creidimid gur foinse thábhachtach i gcomhair foghlama atá san athbhreithniú dúinne. Táimid tiomanta d'fhoghlaim ó chásanna ina mbíonn imní ar mhúinteoirí, ar chleachtóirí agus ar bhordanna bainistíochta faoi chigireacht agus déanaimid iarracht na ceachtanna ó athbhreithniú a úsáid chun ár gcleachtas agus ár bhforbhairt ghairmiúil a fheabhsú.

## 1.7 Cén foras ar ar féidir athbhreithniú a lorg?

Is féidir an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* a úsáid nuair atá imní ann faoi obair na Cigireachta. Is féidir le múinteoir, cleachtóir nó le bord bainistíochta a ndearna cigireacht difear dó nó di athbhreithniú a lorg nuair a chreideann sé/sí gur féidir a thaispeáint go mbaineann ceann amháin nó níos mó de na cúinsí seo a leanas leis/léi.

- nach ndearna an cigire iarracht réasúnta ar a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh faoin *gCód Cleachtais don Chigireacht*
- nach ndearna an cigire iarracht réasúnta, agus meastóireacht á déanamh, ar chloí leis na nósanna imeachta foilsithe chun meastóireacht den chineál atá i gceist a stiúradh
- nár chloígh an tuairisc scríofa a d'éirigh as cigireacht leis na prionsabail maidir le tuairisciú a léirítear sa *Chód Cleachtais don Chigireacht*
- nach ndearna an Chigireacht iarracht réasúnta ar chloí le nósanna imeachta foilsithe maidir le tuairiscí cigireachta a fhoilsiú.

## 1.8 An Nós Imeachta Athbhreithnithe a fhorbairt agus a athbhreithniú

Forbraíodh an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* seo tar éis mionchomhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais, lena n-áirítear ionadaithe ó chomhlachtaí bainistíochta scoile, múinteoirí agus scoláirí agus réimse de chomhlachtaí eile lena mbímid ag obair agus ag comhoibriú.

D'fhoilsigh an Príomhchigire an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* seo ag teacht le hAlt 13(9) den Acht Oideachais (1998). Forálann an t-alt seo gur féidir le scoil nó le múinteoir a ndearna cigireacht difear dóibh athbhreithniú a iarraidh ar an gcigireacht sin de réir nós imeachta a chinneann an Príomhchigire. Forálann an t-alt seo mar seo a leanas:

Féadfaidh múinteoir nó bord scoile a iarraidh ar an bPríomhchigire aon chigireacht a bheidh déanta ag Cigire agus a dhéanann difear don mhúinteoir nó don scoil a athbhreithniú agus déanfaidh an Príomhchigire an chigireacht a athbhreithniú de réir cibé nósanna imeachta a chinnfidh an Príomhchigire.

D'fhoilsigh an Príomhchigire an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2002 agus rinneadh athbhreithniú air in 2006. Foilsíodh an t-eagrán seo den *Nós Imeachta Athbhreithnithe* in 2015, tar éis comhairliúcháin a rinneadh de réir Alt 13(8) den Acht Oideachais, 1998. Tagann an t-eagrán seo in ionad eagrán na bliana 2006 agus tá sé i bhfeidhm do gach cigireacht a thosaíonn ar nó tar éis 01 Meán Fómhair 2015.

Coinníonn an Príomhchigire forálacha an *Nós Imeachta Athbhreithnithe* seo faoi athbhreithniú agus d'fhéadfaí iad a nuashonrú ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha i bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfadh tarlú sa reachtaíocht agus/nó an dea-chleachtais a bheith á fhorbairt i seirbhísí poiblí.



## 2. Athbhreithniú neamhfhoirmiúil

### 2.1 Imní a réiteach go neamhfhoirmiúil

Má tá imní ar mhúinteoir nó ar bhord bainistíochta scoile faoi obair nó ghníomhaíochtaí cigire ba chóir aire na Cigireachta a tharraingt ar an gceist go neamhfhoirmiúil ar dtús<sup>1</sup>. Is féidir leis an múinteoir nó an cathaoirleach (ag feidhmiú thar ceann an bhoird) é sin a dhéanamh faoi mar atá léirithe in alt 2.2 agus 2.3.

### 2.2 Imní a réiteach go neamhfhoirmiúil ag leibhéal na scoile le linn cigireachta

#### Imní a tharraingt anuas agus a réiteach

Is fearr imní, gearáin agus míthuiscintí a réiteach acu siúd lena mbaineann siad go díreach, agus a luaithe agus is féidir. Tá ceangal ar chigirí a gcuid oibre a dhéanamh don chaighdeán is airde agus is féidir, ach glacaimid leis go bhféadfadh míthuiscintí a bheith ann agus uaireanta go bhféadfadh imní a bheith ar mhúinteoir nó ar bhord scoile faoin gcaoi a ndearna cigire nó foireann chigireachta a gcuid oibre.

Má tá imní ar mhúinteoir nó ar bhord bainistíochta scoile faoi obair chigire ba chóir don mhúinteoir nó don chathaoirleach (ag feidhmiú ar son an bhoird) aire an chigire a tharraingt ar an gceist agus obair na cigireachta ar siúl sa scoil.<sup>2</sup> Ba chóir don chigire agus don mhúinteoir nó don chathaoirleach iarracht a dhéanamh ar an scéal a réiteach eatarthu féin go neamhfhoirmiúil.

Nuair a thuiriscítear ábhar imní, ba chóir don chigire/do na cigirí féachaint chuige go dtabharfar deis do mhúinteoir nó do chathaoirleach boird a ndearna cigireacht difear dó/di chun an t-ábhar imní sin a phlé a fhad is atá na cuairteanna cigireachta nó an t-aiseolas cigireachta ar bun sa scoil. Cuireann sé seo ar chumas an chigire atá bainteach leis an scéal é a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil.

---

<sup>1</sup> Tabhair faoi deara, de réir mír 1.5 den chaipéis seo:

- Cuimsíonn an focal ‘múinteoir’ príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus múinteoirí, in ngach scoil agus lárionad oideachais, agus ceannairí agus cleachtóirí atá freagrach as éispéiris oideachais foghleoimirí í suíomhanna eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach
- Cuimsíonn an focal ‘scoil’ gach scoil, lárionaid oideachais agus gach suíomh eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach
- Cuimsíonn na focail ‘bord bainistíochta’ bordanna bainistíochta i scoileanna agus lárionad oideachais agus na struchtúir foirmeálta bainistíochta comhionannas í suíomhanna eile ina dtugann an Chigireacht faoi obair mheastóireachta agus obair chomhairleach

<sup>2</sup> An tréimhse go dtí críochnú an chruinnithe iarmheastóireachta (má bhaineann) san aireamh

## **Fráma ama**

Is é an bealach is éifeachtaí le himní a réiteach ná í a tharraingt anuas a luaithe agus is féidir. Mar shampla, má thagann ceist anuas agus cuairt seomra ranga ar siúl, ba chóir don mhúinteoir a bhfuil imní air nó uirthi an cheist a lua leis an gcigire cuí a luaithe agus a chríochnaíonn an chuairt ar an seomra ranga. Ar an gcaoi chéanna, má tá imní ar mhúinteoir nó ar chathaoirleach faoin aiseolas béil a thugann an cigire, ba chóir an imní sin a lua leis an gcigire nuair a chríochnaíonn an cruinniú iarchigireachta. Mura féidir an imní a tharraingt anuas an lá a dtarlaíonn sí ba chóir í a tharraingt anuas taobh istigh de dhá lá scoile, go pearsanta, ar an nguthán nó tríd an ríomhphost.

Moltar do na cigirí uile iarracht a dhéanamh ar imní múinteora nó cathaoirligh a réiteach an lá a ndírítear a n-aird uirthi. De ghnáth déanfaidh an cigire iarracht ar an scéal a réiteach laistigh de dhá lá scoile ón uair a dhírítear a aird/a haird ar an imní.

## **2.3 Imní a réiteach go neamhfoirmiúil leis an bpríomhchigire cúnta réigiúnach**

### **Imní a tharraingt anuas agus a réiteach**

Mura réitítear imní múinteora nó bord bainistíochta faoi obair chigire nó faoi na nósanna imeachta a leanadh ag leibhéal na scoile, nó má tá bord nó múinteoir neamhshásta le tuairisc chigireachta, ba chóir don mhúinteoir nó do chathaoirleach an bhoird dul i dteagmháil ar an fón le príomhchigire cúnta an réigiúin Chigireachta ina bhfuil an scoil. (Tá liosta de réigiúin na Cigireachta agus ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpríomhchigirí cúnta a riarann iad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna <http://www.education.ie/ga/An-Roinn/Bainist%C3%ADocht-Eagar/Cigireacht-.html>.) Mura bhfuil an príomhchigire cúnta cuí ar fáil, déanfar socrú leis an nglaoch fóin nó an ríomhphost a fhreagairt a luaithe agus is féidir.

Ba chóir don mhúinteoir nó don chathaoirleach a bhfuil imní air/uirthi an imní a mhíniú don phríomhchigire cúnta. Éistfidh an príomhchigire cúnta le himní an ghlaiteora agus dearbhóidh sé/sí a bhfuil déanta mar iarracht ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas a réiteach. Cuirfidh an príomhchigire cúnta ceisteanna ar an nglaoiteoir lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir aige/aici ar na ceisteanna atá ann. D'fhéadfadh sé/sí labhairt le daoine eile a dtagraíonn an glaoiteoir dóibh chun tuilleadh eolais a fháil.

Rachaidh an príomhchigire cúnta i dteagmháil leis an gcigire/na cigirí cuí agus pléifidh sé/sí leo an imní a tharraing an glaoiteoir anuas. Déanfaidh an príomhchigire cúnta iarracht ar an imní a tarraingíodh anuas a réiteach trí theagmháil leis an múinteoir nó leis an gcathaoirleach cuí agus leis an gcigire/na cigirí. Má tá an duine a tharraing anuas an imní neamhshásta fós, inseoidh an príomhchigire cúnta dó/di gur féidir athbhreithniú foirmiúil a lorg.

Éistfidh an príomhchigire cúnta le freagraí an chigire/na cigirí agus baileoidh sé/sí eolas faoi aon iarracht atá déanta chun an deacracht a réitiú. Is féidir leis an bpríomhchigire cúnta ceisteanna a chur ar an gcigire/na cigirí ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ann ar na buncheisteanna.

Is féidir leis/léi labhairt freisin le daoine eile atá luaite ag an gcigire/na cigirí chun breis eolais a bhailiú.

### **Fráma ama**

Ba chóir don mhúinteoir nó don chathaoirleach imní a lua leis an bpríomhchigire cúnta a luaithe agus is féidir mura bhfuil sí réitithe go neamhfhoirmiúil ag leibhéal na scoile. Má éiríonn an imní le linn cigireachta atá ar siúl thar roinnt laethanta, ba chóir aird an phríomhchigire cúnta a dhíriú uirthi le linn an ama ina bhfuil na cuairteanna cigireachta ar siúl. Mura féidir aird an phríomhchigire cúnta a tharraingt ar an imní láithreach, ba chóir a (h)aird a dhíriú uirthi tráth nach déanaí ná cúig lá scoile ón dáta ar thosaigh an imní nó cúig lá ón dáta a ndearnadh iarracht (nár éirigh léi) an cheist a réitiú go neamhfhoirmiúil ag leibhéal na scoile.

Déanfaidh an príomhchigire cúnta gach iarracht ar an scéal a réiteach a luaithe agus is féidir agus de ghnáth tráth nach déanaí ná cúig lá scoile ón dáta a ndeachaigh an múinteoir nó an cathaoirleach i dteagmháil leis/léi.

## 3. Athbhreithniú foirmiúil

### 3.1 Athbhreithniú foirmiúil a lorg

Is féidir le múinteoir nó le bord bainistíochta a bheith neamhshásta fós d'ainneoin iarrachtaí ar imní a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil. Is féidir le múinteoir nó le cathaoirleach (ag feidhmiú ar son an bhoird) a bhfuil imní air/uirthi faoi chigireacht iarraidh ar an bPríomhchigire ansin athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an gcigireacht.

#### Iarratas a dhéanamh

Ba chóir don mhúinteoir nó don chathaoirleach (ag feidhmiú ar son an bhoird) an t-iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh i scríbhinn chuig an bPríomhchigire. Ba chóir an t-iarratas a chur isteach ar *Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht (féach an tAguisín)*.

Caithfidh an t-iarratas ar athbhreithniú, agus gach cáipéis tacaíochta atá ar fáil, a bheith *faighte* ag an bPríomhchigire laistigh de dheich lá scoile ón gceist is cúis leis an imní nó laistigh de dheich lá scoile ó dháta eisiúna na tuairisce scoile is ábhar don athbhreithniú nó deich lá ón dáta a rinneadh iarracht (nár éirigh léi) an cheist a réitiú go neamhfhoirmiúil ag leibhéal na scoile.

#### Foras le hathbhreithniú a lorg

Ba chóir go luafadh an t-iarratas ar athbhreithniú go soiléir an foras ar a bhfuil an t-athbhreithniú á lorg. (Tugtar sonraí ar na forais ar ar féidir athbhreithniú a lorg i mír 1.6 thuas).

#### Cáipéisí tacaíochta

Agus iarratas ar athbhreithniú á chur isteach, ba chóir don mhúinteoir nó do chathaoirleach an bhoird bhainistíochta gach cáipéis tacaíochta atá ar fáil a sheoladh isteach leo, chomh maith le cóip den tuairisc chigireachta a bhfuil imní ina leith, más cuí.

### 3.2 Meán an Príomhchigire an t-iarratas

Agus an t-iarratas ar athbhreithniú faighte, meáfaidh an Príomhchigire na ceistanna a tarraingíodh anuas san iarratas.

- Má fhaigheann an Príomhchigire iarratas agus mura bhfuil sé/sí sásta gur cuireadh próiseas neamhfhoirmiúil athbhreithnithe i bhfeidhm, cuirfidh sé/sí an t-iarratas ar athbhreithniú ar ais chuig an bPríomhchigire cunta ábhartha chun go mbeidh deis ann athbhreithniú neamhfhoirmiúil a dhéanamh.

- Má mheasann an Príomhchigire go bhfuil na ceisteanna a tarraingíodh anuas laistigh de réimse cúraim an *Nós Imeachta Athbhreithnithe*, cuirfidh sé/sí tús le hathbhreithniú foirmiúil, ag úsáid an phróisis a ndéantar cur síos air thíos.
- Má mheasann an Príomhchigire an t-iarratas a bheith suarach nó ciapálach, scríobhfaidh sé/sí chuig an duine a chuir an t-iarratas isteach, á chur ar an eolas faoin gcinneadh sin agus faoin gcúis (nó na cúiseanna) atá leis.

### **3.3 Cuireann an Príomhchigire tús leis an athbhreithniú**

Nuair a chinneann an Príomhchigire ar athbhreithniú foirmiúil a eagrú, déanfaidh sé/sí na nithe seo a leanas:

- Admhóidh sé/sí go bhfuil an t-iarratas ar athbhreithniú faighte agus cuirfidh sé/sí in iúl don iarratasóir go gcuirfear tús le hathbhreithniú láithreach.
- Más cuí, inseoidh sé don phríomhchigire cúnata réigiúnach go gcuirfear tús le hathbhreithniú, sa chaoi gur féidir cosc a chur ar fhoilsiú aon tuairisce a eascraíonn as an gcigireacht.
- Tabharfaidh sé/sí cóip den iarratas ar athbhreithniú agus na cáipéisí tacaíochta don chigire (nó cigirí) ar tarraingíodh anuas inní faoina ngníomhaíochtaí.
- Ceapfaidh sé/sí beirt athbhreithnitheoirí (athbhreithnitheoir inmheánach amháin agus athbhreithnitheoir seachtrach amháin) chomh maith le comhordaitheoir athbhreithnithe. Cuirfidh an Príomhchigire an mhúinteoir nó an cathaoirleach agus an cigire (nó na cigirí) ábhartha ar an eolas maidir leis na ceapacháin a rinneadh.

### **3.4 Comhordaitheoir athbhreithnithe**

Cigire nach bhfuil bainteach leis an gcigireacht a bheidh sa chomhordaitheoir athbhreithnithe. Déanfaidh an comhordaitheoir athbhreithnithe na nithe seo a leanas:

- Tabharfaidh sé/sí cúnaimh don athbhreithneoir inmheánach agus don athbhreithneoir seachtrach, mar is gá.
- Laistigh de chúig lá scoile, tabharfaidh sé/sí don mhúinteoir nó don chathaoirleach atá tar éis an inní a tharraingt anuas cóipeanna de cháipéisí cuí a mheasann an comhordaitheoir athbhreithnithe a bheith ábhartha don iarratas ar athbhreithniú.
- Laistigh de chúig lá scoile, tabharfaidh sé/sí cuireadh don mhúinteoir nó don chathaoirleach aon aighneacht bhreise a bheadh mar thaca leis an iarratas ar athbhreithniú a chur isteach.

- Tabharfaidh sé/sí cóip de na haighneachtaí breise, más ann dóibh, don chigire (nó na cigirí) ar tarraingíodh anuas imní faoina ngníomhaíochtaí.
- Laistigh de chúig lá scoile, tabharfaidh sé/sí cuireadh don chigire (nó na cigirí) freagra (nó freagraí) scríofa a dhéanamh d'ábhar an iarratais agus na n-aighneachtaí breise.
- Tabharfaidh sé/sí cóip de fhreagra (nó de fhreagraí) an chigire (nó na gcigirí) don duine a lorg an t-athbhreithniú agus cuireadh dó/di aon tuairim ar an bhfreagra a chur isteach laistigh de chúig lá scoile.
- Tabharfaidh sé/sí don chigire (nó do na cigirí) cúí cóip de thuairimí an duine a lorg an t-athbhreithniú,
- Coinneoidh sé/sí gach taifead a bhaineann leis an athbhreithniú agus cuirfidh sé/sí iad seo chuig Oifig an Phríomhchigire tar éis don athbhreithniú a bheith críochnaithe.

Cuirfidh an comhordaitheoir athbhreithnithe na cáipéisí uile a thiomsaítear faoi réir an nós imeachta a luaitear thuas ar fáil don athbhreithneoir inmheánach agus don athbhreithneoir seachtrach, de ghnáth laistigh de thríocha lá scoile ón dáta ar cuireadh tús leis an athbhreithniú.

### **3.5 Comhordaitheoir inmheánach agus comhordaitheoir seachtrach**

Príomhchigire cúnata nach bhfuil bainteach leis an gcigireacht ar tarraingíodh anuas imní ina leith a bheidh san athbhreithneoir inmheánach. Ní bheidh sé/sí mar bhainisteoir líne ag aon chigire atá bainteach leis an gcás.

Is féidir gur cigire scoile ó dhlínse eile a bheidh san athbhreithneoir seachtrach *nó* gairmí creidiúnach oideachais a bhfuil taithí aige/aici ar mheastóireacht scoile agus ar scoileanna agus nach bhfuil ceangal aige/aici leis an scoil a bhfuil an t-athbhreithniú á lorg aici nó leis an gCigireacht.

#### **Scrúdú ar an gcás ag athbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha**

Déanfaidh na hathbhreithneoirí na nithe seo a leanas:

- Scrúdóidh siad na cáipéisí uile, agus lorgóidh siad eolas breise más gá.
- Beidh siad féin sásta gur cuireadh gach cáipéis ábhartha ar fáil d'iarratasóir an athbhreithnithe agus don chigire/do na cigirí atá i gceist; áit nach bhfuil na hathbhreithneoirí sásta gur cuireadh na cáipéisí ábhartha ar fad ar fáil don iarratasóir ar athbhreithniú agus don chigire/do na cigirí atá i gceist, is féidir leis na hathbhreithneoirí treoir a thabhairt go gcuirfí cáipéisí breise ar fáil do

na páirtithe lena mbaineann siad agus go ndéanfaí an próiseas mar atá léirithe i mír 3.4 arís.

- D'fhéadfaidís agallamh a chur ar an duine a tharraing anuas an imní agus ar an gcigire/ar na cigirí cuí i láthair a chéile;<sup>3</sup> d'fhéadfadh an duine a tharraing anuas an imní agus an cigire (nó na cigirí) a bheith á dtionlacan ag triú páirtí dá rogha féin sna cásanna sin, ar choinníoll go gcuirfí ainmneacha na ndaoine atá le bheith i láthair ar fáil do na hathbhreithneoirí trí lá scoile roimh an agallamh.
- D'fhéadfaidís, i láthair an duine a tharraing anuas an imní agus an chigire/na gcigirí cuí, agallamh a chur ar dhaoine eile a d'fhéadfadh, dar leis na hathbhreithneoirí, eolas a sholáthar a bhaineann leis an athbhreithniú.
- Roimh agallamh ar bith, inseoidh siad don duine a tharraing anuas an imní agus don chigire/na cigirí atá páirteach ainmneacha na gcairde a bheidh i láthair ag an agallamh (más ann dóibh) agus ainmneacha daoine ar bith eile a gcuirfear agallamh orthu.

Déanfaidh na hathbhreithneoirí na ceisteanna a mheá go cúramach, ag cuimhneamh ar na prionsabail a threoraíonn próiseas an athbhreithnithe. (Féach mír 1.5 thuas.)

#### **Tuairisc na n-athbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha**

Cuirfidh na hathbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha tuairisc ar fáil don Phríomhchigire. Déanfaidh an tuairisc na nithe seo a leanas:

- Scrúdóidh sí na forais ar ar iarradh an t-athbhreithniú agus tabharfaidh sí aghaidh ar na pointí imní ar fad a tharraing an duine a chuir isteach an t-iarratas ar athbhreithniú anuas.
- Tabharfaidh sí breithniú maidir le gach pointe imní, ag sonrú, i dtuairim na n-athbhreithneoirí, an nglactar nó nach nglactar leis an bpointe agus déanfar soiléir an fhianaise a bhfuil na breithnithe sin bunaithe orthu.
- Cuirfidh siad moltaí ar fáil don Phríomhchigire chun iad a mheá.

De ghnáth, ba chóir an tuairisc a chur ar fáil don Phríomhchigire laistigh de chaoga lá scoile ón dáta ar chuir an Príomhchigire tús leis an athbhreithniú.

---

<sup>3</sup> Is féidir an t-agallamh seo a dhéanamh le nasc físe nó modhanna leictreonacha eile más gá.

### 3.6 Cinneadh tosaigh

Meáfaidh an Príomhchigire tuairisc na n-athbhreithneoirí go cúramach agus déanfaidh sé/sí cinneadh tosaigh ar na pointí inmí a tarraingíodh anuas san iarratas ar athbhreithniú foirmiúil.

Molfaidh an Príomhchigire beart gníomhaíochta. D'fhéadfadh gníomh amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ann:

- go seasfar leis an ngníomhaíocht chigireachta agus go ndéanfar an tuairisc a d'eascair aisti, más ann di, a phróiseáil mar is gnách sa Chigireacht agus sa Roinn
- go n-admhóidh an Chigireacht nach dtagann gné (nó gnéithe) den ghníomhaíocht chigireachta leis an *gCód Cleachtais don Chigireacht*, agus, más cuí, go ngabhfaidh an Chigireacht leithscéal leo siúd atá thíos leis
- go n-admhóidh an Chigireacht gur tharla earráid nó locht i bhforfheidhmiú nósanna imeachta foilsithe na Cigireachta maidir le cigireacht nó le tuairisciú nó foilsíú tuairiscí cigireachta, agus, más cuí, go ngabhfaidh an Chigireacht leithscéal leo siúd atá thíos leis
- go ndéanfar an tuairisc chigireachta a leasú agus a atheisiúint
- go ndéanfar an chigireacht nó an tuairisc chigireachta (nó an dá rud) a chur ar ceal, ina hiomláine nó i bpáirt, agus go ndéanfaidh cigire (nó cigirí) nach raibh bainteach leis an gcigireacht bhunaidh ná leis an athbhreithniú cigireacht eile, nó cuid de chigireacht eile, mar is cuí
- go ndéanfaidh an Chigireacht aon ghníomh eile a mheasann an Príomhchigire a bheith cuí.

Eiseoidh an Príomhchigire a c(h)inneadh tosaigh, a chuireadh an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí atá molta agus cóip de thuairisc na n-athbhreithneoirí, don mhúinteoir nó don chathaoirleach a chuir isteach an t-iarratas ar athbhreithniú agus don cigire (nó na cigirí) atá páirteach, de ghnáth laistigh de sheasca lá scoile ón dáta ar cuireadh tús leis an athbhreithniú. Tabharfaidh an Príomhchigire cuireadh don mhúinteoir nó don chathaoirleach agus don cigire/do na cigirí tuairimí scríofa deiridh a dhéanamh ar ábhar na gcáipéisí sin laistigh de chúig lá scoile eile.

### 3.7 Cinneadh deiridh an Phríomhchigire

Meáfaidh an Príomhchigire tuairimí ar bith a thug an duine a chuir an t-iarratas isteach agus an cigire/na cigirí atá páirteach dó nó di. Ansin déanfaidh sé/sí cinneadh deiridh ar an athbhreithniú agus ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh, agus cuirfidh sé an múinteoir nó an cathaoirleach, an cigire/na cigirí atá páirteach agus aon duine eile, mar is gá, ar an eolas faoi na cinntí sin. Eiseofar an cinneadh deiridh laistigh de chúig lá scoile dhéag ó dháta eisiúna an chinnidh thosaigh.



### 3.8 Athchigireacht

Má tá athchigireacht le bheith ann déanfar í a luaithe agus is féidir tar éis cinneadh an Phríomhchigire a bheith eisithe. Déanfaidh cigire/cigirí nach raibh baint acu leis an gcigireacht bhunaidh ná leis an athbhreithniú an athchigireacht.

### 3.9 Nósanna imeachta araíonachta inmheánacha

I gcásanna eisceachtúla, is féidir plé le cúis imní a tarraingíodh anuas le linn an phróisis athbhreithnithe faoin *gCód Araíonachta do Státseirbhísí*.

### 3.10 Achomharc Seachtrach

D'fhéadfadh sé tárlú go mbeadh múinteoir nó bord bainistíochta fós neamhshásta in ainneoin iarrachtaí faoi na nósanna imeachta seo chun an cheist imní a réitiú. Sa chás sin, is féidir leis an múinteoir nó leis an gcathaoirleach úsáid a bhaint as próiseas achomhairc seachtrach, neamhspleách a bheidh á stiúradh ag duine atá ainmnithe ag Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ba chóir iarratas ar achomharc seachtrach a chur chuig Oifig an Phríomhchigire tráth nach déanaí ná deich lá tar éis dáta eisiúna an chinnidh dheiridh.

Is féidir le múinteoir nó bord bainistíochta ar ndearnadh cigireacht difear dóibh athbhreithniú a lorg ar chinneadh deiridh an Phríomhchigire má chreideann siad go bhfuil feidhm ag aon cheann de na cúinsí seo a leanas:

- nach raibh an t-athbhreithniú mar a stiúradh é ag teacht leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa treoir seo
- go bhfuil sé soiléar go bhfuil cinneadh na n-athbhreithneoirí lochtach agus nach dtugann sé dóthain aitheantais do na fírící mar a aimsíodh iad i rith an phróisis athbhreithnithe

Scrúdóidh an t-athbhreithneoir seachtrach taifead an athbhreithnithe mar a rinneadh é, na doiciméid go léir san áireamh, agus is féidir leis/léi breis eolais a lorg más gá. Is aige/aici a bheidh an cinneadh deiridh ar an gceist.

## **4. Socruithe riaracháin agus socruithe eile maidir le hathbheithniú foirmiúil**

### **4.1 Cumarsáid scríofa**

De ghnáth, déanfar an t-iarratas tosaigh ar athbheithniú foirmiúil agus an litir a eisíonn an Príomhchigire ina dtugann sé a chinneadh deiridh ar an gceist a mhalartú i bhfoirm chlóbhuailte nó scríofa. D'fhéadfadh sé go roghnódh daoine a dhéanann iarratas ar athbheithniú a ngnó a dhéanamh tríd an ríomhphost. Sa mhéid agus is féidir, déanfar aon chumarsáid scríofa eile agus malartú ar cháipéisí eatarthu siúd atá páirteach in athbheithniú foirmiúil ag obair laistigh den Roinn, tríd an ríomhphost.

### **4.2 Suaitheadh ar oideachas daltaí a íoslaghdú**

D'fhonn suaitheadh ar oideachas daltaí a íoslaghdú, tionólfar aon agallamh a d'fhéadfadh a bheith ann mar chuid den phróiseas seo lasmuigh d'am ranga nó am teagmhála daltaí an mhúinteora.

### **4.3 Feidhmeanna a tharmligean**

I gcúinsí eisceachtúla d'fhéadfaí feidhmeanna a luaitear leis an bPríomhchigire faoin *Nós Imeachta Athbheithnithe* seo a tharmligean do leas-phríomhchigire. Ar an gcaoi chéanna is féidir le comhalta eile a ainmníonn bord bainistíochta na feidhmeanna a luaitear le cathaoirleach an bhoird a chur i gcrích.

### **4.4 Scoileanna atá faoi choimirce bord oideachais agus oiliúna**

Maidir le scoileanna atá ag feidhmiú faoi choimirce bord oideachais agus oiliúna is féidir le cathaoirleach an bhoird bhainistíochta (nó comhalta eile den bhord ainmnithe ag an mbord), ag feidhmiú i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an bhoird oideachais agus oiliúna, iarratas ar athbheithniú foirmiúil a dhéanamh.

# Aguisín: Foirm Iarratais ar Athbhreithniú ar Chigireacht

Ba chóir do mhúinteoir<sup>4</sup> nó do chathaoirleach ar bhord bainistíochta (ag feidhmiú ar son an bhoird) an foirm seo a úsáid le hathbhreithniú ar chigireacht a lorg faoi réir *Nós Imeachta Athbhreithnithe do Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13 (9) den Acht Oideachais (1998)* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015).

## An duine atá ag iarraidh an athbhreithnithe

<b>Ainm:</b>	
<b>Seoladh:</b>	
<b>Ríomh-phost:</b>	<i>Má thugann tú seoladh ríomh-phoist, glacfar leis gur mian leat cumarsáid i scríbhinn a fháil tríd an ríomh-phost agus ní tríd an bpost</i>
<b>Guthán:</b>	<i>Baile: Scoil: Fón póca:</i>
<b>Post:</b>	<i>Scríos de réir mar is gá: Múinteoir a ndearna an chigireacht difear dó/di Príomhoide a ndearna an chigireacht difear dó/di Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta a ndearna an chigireacht difear dó/di</i>
<b>Dáta an iarratais:</b>	

## Scoil

<b>Ainm na scoile:</b>	
<b>Seoladh na scoile:</b>	
<b>Uimhir rolla na scoile:</b>	

## An chigireacht ar mian leat imní a léiriú ina taobh

*Tabhair sonraí faoin ngníomhaíocht chigireachta nó an tuairisc chigireachta (nó an dá cheann) ba chúis le d'inní*

<b>Cineál cigireachta agus/nó cineál tuairisc chigireachta</b>	<i>Tabhair an cineál cigireachta más eol duit, (mar shampla: meastóireacht scoile uile, cigireacht ábhair, cigireacht theagmhasach, cigireacht leantach srl.)</i>
<b>Dáta(i) na cigireachta:</b>	
<b>Dáta(i) ar tháinig an imní chun cinn:</b>	
<b>An ndearnadh athbhreithniú neamhfhoirmiúil?</b>	<i>RINNEADH nó NÍ DHEARNADH</i>
<b>Dáta eisithe na tuairisce cigireachta</b>	
<b>Ainm an chigire ar mian leat imní a léiriú faoina c(h)uid gníomhaíochtaí</b>	

<sup>4</sup> Cuimsíonn an focal 'múinteoir' príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus múinteoirí, agus más cuí, daoine atá freagrach as éispéiris oideachais leanaí in áiteanna seachas scoileanna aitheanta.

## Forais don iarratas ar athbhreithniú

*Déan cur síos soiléir ar na forais ba chúis leis an imní ar mian leat í a léiriú san athbhreithniú.*

*(Féach mír 1.6 den Nós Imeachta Athbhreithnithe.)*

*Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na forais chuí, agus tabhair sonraí faoin gcúis a gceapann tú go bhfuil athbhreithniú foirmiúil dlí. Leathnóidh an bosca thíos de réir mar is gá.*

Lorgaím athbhreithniú ar an gcigireacht a luaitear thuas ar an bhforas/na forais seo a leanas:

- nach ndearna an cigire iarracht réasúnta ar a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh faoin *gCód Cleachtais don Chigireacht*
- nach ndearna an cigire gach iarracht réasúnta, agus meastóireacht a déanamh, ar chloí leis na nósanna imeachta foilsithe chun meastóireacht den chineál a bhí i gceist a stiúradh
- nár chloigh an tuairisc scríofa a d'eascair as an gcigireacht leis na prionsabail maidir le tuairiscí a leagtar síos sa *Chód Cleachtais don Chigireacht* agus sna nósanna imeachta ata foilsithe don chineál meastóireachta atá i gceist
- nach ndearna an Chigireacht gach iarracht réasúnta ar chloí le nósanna imeachta foilsithe maidir le tuairiscí cigireachta scoile a fhoilsiú

*Tabhair faoi deara, má bhaineann d'iarratas den chuid is mó le ceistanna maidir le hiompraíocht ghinearálta cigire, go mb'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas do thuairimí agus gearáin chustaiméirí na Roinne a úsáid.*

## Aon eolas ábhartha eile

*Is féidir leat cur síos a thabhairt anseo ar an eachtra is cúis le d'ímní nó aon eolas breise a mheasann tú a bheith ábhartha do d'iarratas ar athbhreithniú.*

## Cáipéisí tacaíochta

*In éineacht le d'iarratas ar athbhreithniú, ba chóir duit cáipéisí ar bith a sheoladh isteach a mheasann tú a bheith ábhartha. Má tá athbhreithniú ar thuairisc chigireachta á lorg agat, ba chóir duit cóip den tuairisc a chur in éineacht leis an iarratas seo. Déan liosta thíos de na cáipéisí ar fad atá in éineacht leis an iarratas seo.*

## Síniú

*Caithfidh an múinteoir atá ag déanamh an iarratais nó cathaoirleach bord bainistíochta scoile (nó ainmní an bhoird) an t-iarratas seo a shíniú.*

*Más bord bainistíochta scoile atá ag feidhmiú faoi choimirce bord oideachais agus oiliúna atá ag déanamh an iarratais, caithfidh cathaoirleach an bhoird bhainistíochta nó ainmní an bhoird an t-iarratas a chur isteach tar éis dul i gcomhairle le príomhfheidhmeannach an bhoird oideachais agus oiliúna.*

<b>Síniú:</b>	
<b>Post:</b>	
<b>Dáta:</b>	

*Ba chóir an fhoirm seo agus na cáipéisí tacaíochta uile a sheoladh chuig:*

**An Príomhchigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1**